Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/285

24.1.2025

**Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Beartas comhtháthaithe athnuaite tar éis 2027 nach bhfágfaidh aon duine ar lár**

(C/2025/285)

| | |
|---|---|
| **Rapóirtéirí**: | Vasco ALVES CORDEIRO (PT/PSE), Comhalta de Pharlaimint Réigiún Féinrialaitheach na nAsór<br>agus<br>Emil BOC (RO/PPE), Méara Cluj-Napoca |
| **Doiciméid tagartha**: | Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú —<br>COM(2024) 149<br>Tuarascáil ón nGrúpa Ardleibhéil maidir le Todhchaí an Bheartais Chomhtháthaithe: Todhchaí Inbhuanaithe a chruthú le chéile: an Comhtháthú le haghaidh Eoraip Iomaíoch agus Chuimsitheach |

**MOLTAÍ I LEITH NA mBEARTAS**

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR):

1. Is díol sásaimh do CnaR gur foilsíodh an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú ina léirítear an breisluach doshéanta a bhaineann leis an mbeartas comhtháthaithe mar bheartas ar éirigh leis a chuid cuspóirí a bhaint amach thar na blianta. Rinneadh amhlaidh trí thacaíocht a thabhairt do na críocha chun freagairt do dhúshláin thábhachtacha inmheánacha agus sheachtracha atá roimh an Aontas. Mar sin féin, aithníonn CnaR go dtarraingítear aird sa tuarascáil ar na neamhionannais réigiúnacha atá ag teacht chun cinn ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta agus na neamhionannais sin marthanach agus ag méadú i roinnt cásanna.

2. Meabhraíonn CnaR gurb é atá i gcroílár an bheartais chomhtháthaithe an cóineasú eacnamaíoch agus comhionannas deiseanna le haghaidh gach uile shaoránach san Aontas. Leis an mBeartas Comhtháthaithe tar éis 2027, ba cheart feabhas a chur ar fhorbairt chríocha uile an Aontais, lena n-áirítear na críocha sin atá tite ar gcúl faoi láthair. Ba cheart an méid sin a dhéanamh trí láidreachtaí agus sócmhainní áitiúla a ghiaráil chun an fás a chothú, chun míchothromaíochtaí a laghdú agus infheistíocht a dhéanamh d’fhonn leas a bhaint as acmhainneacht eacnamaíoch nár baineadh leas aisti go fóill, go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha, mar a léiríodh sa tuarascáil ó Ghrúpa na Speisialtóirí Ardleibhéil maidir le Todhchaí an Bheartais Chomhtháthaithe.

3. Tugann CnaR dá aire go raibh fás mall nó fás diúltach ann i líon nach beag réigiún meánioncaim, agus i roinnt réigiún forbartha freisin, agus na réigiúin sin ina ngaistí forbartha anois. Iarrann CnaR ar an gCoimisiún Eorpach sainmhíniú soiléir a thabhairt ar ghastaí forbartha d’fhonn an riosca a bhaineann le dúshaothrú polaitiúil agus aon chonspóid a d’fhéadfadh a bheith i gceist leis an gcoincheap a sheachaint agus d’fhonn measúnú cúramach a dhéanamh ar na himpleachtaí atá aige ar an gcóras aicmithe réigiún atá ann faoi láthair. Anuas air sin, tugann CnaR dá aire gur gá sainmhíniú soiléir a bheith ann, mar d’uireasa sin, d’fhéadfaí an coincheap a ghinearálú an iomarca agus é a chur i bhfeidhm go míchuí maidir le cásanna éagsúla. Thairis sin, ba mhian le CnaR a chur in iúl go bhféadfadh na hathruithe gasta a eascraíonn as an domhandú agus as an dul chun cinn teicneolaíoch an dinimic a bhaineann leis an bhforbairt a athrú. D’fhéadfadh sé nach léirítear go hiomlán sa choincheap maidir le gastaí forbartha na deiseanna agus na dúshláin a chruthaíonn na treochtaí domhanda sin, cuir i gcás, an cuimsiú digiteach, slabhraí soláthair domhanda agus scaipeadh na nuálaíochta.

4. Maidir leis an gcomhchruinniú méadaitheach gníomhaíochtaí eacnamaíocha i réigiúin chathrach agus i gcathracha móra, tugann CnaR chun suntais gur minic a théann sé chun dochair do chríocha eile (ceantair thuaithe, cathracha meánmhéide, etc.) agus go spreagann sé sin fadhbanna a mbíonn níos mó éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta mar thoradh orthu (e.g. easpa tithíochta). Tugann CnaR dá aire go bhféadfadh sé sin a bheith ina dhúshlán níos mó fós, go háirithe i gcás tíortha ina bhfuil cuid mhór den daonra fós ina gcónaí lasmuigh de cheantair uirbeacha, i gceantair thuaithe nó i mbailte beaga.

5. Is geal le CnaR an teachtaireacht a cuireadh in iúl sa tuarascáil ó Ghrúpa na Speisialtóirí Ardleibhéil ina léirítear go bhfuil iomaíochas na hEorpa sa todhchaí ag brath freisin ar leas a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe na gcríoch uile, lena n-áirítear na críocha lagfhorbartha agus forimeallacha.

6. Mar a chuirtear i dtábhacht sa 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú, tugann CnaR dá aire nach amháin go bhfuil réigiúin na hEorpa ag déileáil le dúshláin struchtúracha atá ann le fada (e.g. neamhéifeachtúlachtaí sa mhargadh saothair, caipiteal íseal daonna, acmhainn lag nuálaíochta), ach go bhfuil dúshláin nua ag teacht chun cinn freisin amhail an t-athrú aeráide, spleáchas fuinnimh, athrú déimeagrafach, teannas geopholaitiúil agus suaití nach amháin atá ag titim amach ar bhonn níos tapúla, ach atá níos géire chomh maith.

7. Na treochtaí críochacha thuasluaite agus an phráinn atá ann aghaidh a thabhairt orthu chun cobhsaíocht eacnamaíoch, shóisialta agus fiú dhaonlathach na hEorpa a chaomhnú, tá CnaR den tuairim gur léiriú iad sin ar ról ríthábhachtach a ghabhfaidh leis an mbeartais chomhtháthaithe sna blianta amach romhainn.

8. Aithníonn CnaR go bhfuil gá le hathchóiriú a dhéanamh ar an mbeartas mar gheall ar mheascán nua de dhúshláin atá os comhair na hEorpa agus na críocha, agus go mbeidh rath an athchóirithe sin ag brath ar na cuspóirí agus na prionsabail atá leis an mbeartas a threisiú seachas iad a chaolú nó a athrú chun dul i ngleic le héagothromaíochtaí réigiúnacha.

**Insint agus cuspóirí**

9. Is díol sásaimh do CnaR go n-aithnítear i gClár Oibre Straitéiseach 2019-2024 ón gComhairle Eorpach, i dTreoirlínte Polaitiúla d'Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh 2019-2024 agus i roinnt doiciméad ardleibhéil eile amhail tuarascáil Letta maidir le todhchaí an mhargaidh aonair ([1]), tuarascáil Draghi maidir lena bhfuil i ndán d'iomaíochas na hEorpa ([2]), an dearbhú comhpháirteach a glacadh ag Cruinniú Aireachta Ghrúpa Visegrad maidir leis an mBeartas Comhtháthaithe i mí na Bealtaine 2024 agus na héilimh a rinne roinnt grúpaí polaitiúla i bParlaimint na hEorpa le déanaí go bhfuil gá le beartas comhtháthaithe treisithe agus feabhsaithe.

10. Measann CnaR go bhfuil clár oibre polaitiúil na hEorpa ag athrú go tapa mar fhreagairt ar chúinsí nua agus nach bhféadfadh an beartas comhtháthaithe a dhícheangal ón bpróiseas sin. Beidh ról ag an mbeartas comhtháthaithe tar éis 2027 maidir le seachadadh na mbeartas atá nasctha leis na tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn ós rud é gur minic a bhíonn gá le cur chuige atá íogair ó thaobh áite de ina leith agus go mbíonn siad ag baint le hinniúlachtaí na n-údarás fonáisiúnta (e.g. beartais aeráide). Leis sin, tugtar níos mó tábhachta fós do bheartas comhtháthaithe a bheidh ar fáil do réigiúin uile na hEorpa, lena ndíreofar ar chás sonrach na réigiún sin de réir cur chuige difreáilte.

11. Ba mhian le CnaR aird a tharraingt ar an bhfíoras go bhfuil dlúthbhaint ag sprioc an chomhtháthaithe chríochaigh leis an gcuspóir níos leithne maidir le hEoraip atá iomaíoch, athléimneach agus aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050. Maidir le hinfheistíochtaí sa bhonneagar, sa nuálaíocht, sa chaipiteal daonna agus i gcleachtais inbhuanaithe trí bheartais chomhtháthaithe chríochacha, cuireann CnaR i dtreis go dtacaíonn siad sin leis an gcuspóir níos leithne atá ann gníomhaí domhanda níos iomaíche agus níos dinimiciúla a dhéanamh den Aontas. Tugtar fianaise láidir sa tuarascáil ó Ghrúpa na Speisialtóirí Ardleibhéil nach mbaineann feabhsú iomaíochas foriomlán na hEorpa le hacmhainneacht na réigiún forbartha amháin ach go bhfuil sé ag brath freisin ar leas a bhaint as acmhainneacht na limistéar beagfhorbartha freisin.

12. Cuireann CnaR i bhfáth gur minic a leagtar béim sna beartais chomhtháthaithe chríochaigh ar an bhforbairt inbhuanaithe, rud atá ag éirí níos tábhachtaí don iomaíochas fadtéarmach. Féadfaidh réigiúin teicneolaíochtaí agus tionscail ghlasa a fhorbairt agus iad féin a shuíomh mar cheannairí sa gheilleagar glas atá ag teacht chun cinn trí chleachtais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn. Tagann sé sin le treochtaí domhanda agus feabhsófar leis iomaíochas an Aontais i margaí inbhuanaithe.

([1]) https://www.consilium.europa.eu/media/ny3j24sm/much-more-than-a-market-report-by-enrico-letta.pdf.
([2]) https://commission.europa.eu/topics/strengthening-european-competitiveness/eu-competitiveness-looking-ahead_en?prefLang=ga.

13. Maidir leis an mbeartas comhtháthaithe a bheidh ann amach anseo, cuireann CnaR i bhfios gur cheart féachaint leis a áirithiú go criticiúil go mbeidh deiseanna fáis ann do gach críoch mar thoradh ar thóir na hEorpa ar iomaíochas ar scála domhanda — arb é atá i gceist leis an meath tionsclaíoch san Eoraip a aisiompú, tacú le FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, ceannaireacht a bhaint amach maidir leis na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, an t-aistriú glas, an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú déimeagrafach a chur i gcrích agus uathriail straitéiseach a fhorbairt — agus nach gcuirfidh sé leis na héagothromaíochtaí atá ann cheana féin.

14. Cuireann CnaR i bhfáth gur cheart go mbeadh na trí aistriú sin i gcroílár an chéad bheartais chomhtháthaithe eile agus go saineofaí leis céannacht athraitheach an bheartais chun é a chur in oiriúint don todhchaí.

15. Tá sé á thabhairt chun suntais ag CnaR go bhfuil an athléimneacht agus an t-iomaíochas fite fuaite ina chéile a mhéid a bhaineann leis an bhforbairt réigiúnach, agus aithníonn sé gur riachtanach an rud é straitéisí láidre athléimneachta a bheith i bhfeidhm don iomaíochas eacnamaíoch marthanach. Tarraingníonn CnaR aird ar an ról ríthábhachtach atá ag an mbeartas comhtháthaithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar na leochaileachtaí éagsúla atá le fáil i réigiúin an Aontais, cuir i gcás, dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus na dúshláin gheopholaitiúla, dhéimeagrafacha, eacnamaíocha agus chomhshaoil, trí fheabhas a chur ar athléimneacht na réigiún sin. Mar a léiríodh sa tuarascáil ón nGrúpa Ardleibhéil Saineolaithe, ba cheart an beartas a bheith ina uirlis choisctheach chun ullmhacht fhoriomlán an Aontais a áirithiú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh ann sa todhchaí agus chun athléimneacht a chothú laistigh den chóras le hinfheistíochtaí struchtúracha fadtéarmacha. Chuige sin, ba cheart an t-aistriú déimeagrafach a bheith i measc thosaíochtaí an chéad chreata beartais chomhtháthaithe eile, in éineacht leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach.

16. Tugann CnaR dá aire na dúshláin ar leith a bhaineann leis an gclaochlú digiteach, ar dúshláin iad sin nach mór cuimsiú digiteach a bheith mar chuid díobh. Ní mór scaipeadh na nuálaíochta ar fud na réigiún uile a chothú leo freisin. Tá an méid sin ríthábhachtach chun a áirithiú go mbainfidh gach réigiún tairbhe as an dul chun cinn teicneolaíoch agus go mbeidh siad in ann a bheith páirteach sa gheilleagar domhanda.

17. Áitíonn CnaR go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go bhfágfaidh an beartas comhtháthaithe go neartófar cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta atá agus a bheidh i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta agus go gcuirfear feabhas ar an tacaíocht a thabharfar chun nuáil shóisialta a dhéanamh agus chun rochtain níos fearr ar sheirbhísí poiblí a sholáthar, go háirithe i limistéir ina bhfuil dúshláin mhéadaitheacha roimh sholáthar na seirbhísí sin, amhail ceantair thuaithe.

18. Mar sin féin, tugann CnaR rabhadh go raibh an brú i gceist leis an mbeartas ós rud é gur féachadh le haghaidh a thabhairt ar an iomarca tosaíochta leis agus é sin á dhéanamh de réir loighic a bhí treoraithe níos mó ag an earnáil agus iarrann sé go ndéanfaí an tosaíocht maidir leis an gcur chuige críochach atá leis a athdhearbhú sa todhchaí. Le gach uile infheistíocht a dhéanfaí faoin mbeartas comhtháthaithe, ba cheart go gcuideoidh sí leis an bpríomhsprioc a bhaint amach, is í sin, éagothromaíochtaí geografacha a cheartú i gcomhréir le hAirteagal 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

19. Tugann CnaR rabhadh freisin go bhféadfadh sé nach mbeadh treo ná fócas soiléir ag beartas a ngabhann an iomarca tosaíochtaí leis. Sa chás sin, d'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach do pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear lucht ceaptha beartas, údaráis réigiúnacha agus tairbhithe, príomhchuspóirí agus cuspóirí an bheartais a thuiscint. D'fhéadfadh mearbhall agus cur chun feidhme neamhéifeachtúil clár agus tionscadal a bheith mar thoradh air sin.

20. Cuireann CnaR i bhfáth gur cheart an sruth sin i dtreo 'plódú tosaíochtaí', rud lena gcaolaítear tionchar an bheartais, a athchothromú go cothrom trí chur chuige críochach níos sainráite a thabhairt isteach maidir le cuspóirí comhtháthaithe a ionchorprú i mbeartais théamacha agus in ionstraimí téamacha eile de chuid an Aontais. Ba cheart an méid sin a dhéanamh i gcomhar le réigiúin d'fhonn sineirgí agus naisc níos fearr idir ionstraimí agus beartais, lena n-áirítear beartais náisiúnta, a dhaingniú. Dá bhrí sin, is geal le CnaR an teachtaireacht atá le fáil sa 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú nach féidir an comhtháthú a shaothrú leis an mbeartas comhtháthaithe amháin ach gur cheart é a bheith ina chuspóir comhroinnte ag beartais infheistíochta uile an Aontais agus ag na beartais infheistíochta náisiúnta uile ar bhealach comhordaithe.

21. Iarrann CnaR an athuair go ndéanfaí an prionsabal 'gan dochar a dhéanamh don chomhtháthú' a dhaingniú mar dhearbhphrionsabal idirdhisciplíneach a bhfuil feidhm aige maidir le beartais an Aontais. Chun a áirithiú go n-urramófar an prionsabal sin, ní hamháin go mbeadh gá le huirlis na measúnuithe tionchair chríochaigh a threisiú ach bheadh gá freisin le creat láidir faireacháin AE a chruthú chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeartas i gcoinne an phrionsabail.

22. Meabhraíonn CnaR an ról criticiúil a ghabhann leis an mbeartas comhtháthaithe maidir le cur chun cinn an mhargaidh aonair ós rud é go ndéanann sé na héifeachtaí neamhbheartaithe a mhaolú i réimsí áirithe agus, ag an am céanna, cuidíonn sé le go leor críoch na cumais a fhorbairt chun leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann leis. Mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil Letta, chuirfí bac suntasach ar na héifeachtaí dearfacha a bhaineann leis an margadh aonair mura mbeadh beartas comhtháthaithe fónta ann.

23. Tugann CnaR dá aire go n-áirítear sa bheartas comhtháthaithe bearta chun acmhainneacht institiúideach na rialtas réigiúnach agus áitiúil a neartú. Le rialachas agus acmhainneacht riaracháin níos fearr, d'áiritheofaí go bhféadfadh na réigiúin beartais agus tionscadail atá i gcomhréir le cuspóirí a chur chun feidhme go héifeachtach. Tá sé ríthábhachtach go bhfuil institiúidí láidre ann chun timpeallacht atá fabhrach don ghnó a chruthú agus chun infheistíocht a mhealladh. Thairis sin, cuirtear chun cinn leis an mbeartas comhtháthaithe comhar idir réigiúin trí chláir éagsúla trasteorann, thrasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha. Leis na tionscnaimh sin, cothaítear comhar agus comhroinnt eolais, rud a chuidíonn leis na réigiúin acmhainní a chomhthiomsú, dea-chleachtais a roinnt agus straitéisí comhpháirteacha a fhorbairt don fhorbairt eacnamaíoch. Neartaíonn comhar den sórt sin an margadh aonair ós rud é go gcruthaítear leis spás eacnamaíoch níos comhtháite agus níos comhtháite.

**Gnéithe buiséadacha**

24. I bhfianaise scála na ndúshlán críochach a leagtar amach sna pointí roimhe seo, tugann CnaR chun cuimhne gur gá buiséad a chur ar fáil don bheartas comhtháthaithe tar éis 27 a bheidh oiriúnach don fheidhm, ar buiséad é sin a bheidh coibhéiseach ar a laghad le buiséad 2021-2027 (lena n-áirítear breisiú REACT-EU) i dtéarmaí réadacha, agus gur cheart comhpháirt an Chomhair Chríochaigh Eorpaigh a mhéadú i gcomparáid leis an gclárthréimhse reatha agus nach lú ná 8 % den mhéid iomlán í fad is gur cheart gné an chomhair trasteorann a mhéadú faoi dhó ar a laghad.

25. Cuireann CnaR i bhfáth gur cheart go leanfadh na réigiúin uile de bheith incháilithe le haghaidh cistiúcháin. Thairis sin, tá sé den bharúil go bhfuil srian ar raon feidhme geografach an bheartais ag brath ar thuiscint chúng agus mhíthreorach ar an tionchar agus ar na tairbhí a bhaineann leis. Leagann CnaR béim ar an bhfíoras go bhféadfadh srianta geografacha an bonn a bhaint den aontacht agus de na comhchuspóra sin ar ar dearadh an beartas lena gcur chun cinn. D'fhéadfadh sé sin an comhtháthú agus an dlúthpháirtíocht fhoriomlán laistigh den Aontas a lagú, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé ní ba dheacra spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach. Tá seans ann go mbeadh díomá faoin Aontas ar na réigiúin sin a bhraitheann go ndéantar faillí iontu nó go gcaitear go héagórach leo, rud a chruthódh éagobhsaíocht pholaitiúil agus dúshláin don phróiseas lánpháirtíochta.

26. Meabhraíonn CnaR an t-iarratas a rinné sé arís agus arís eile chun athchóiriú a dhéanamh ar chúrsaí ioncaim a ghabhann le CAI trí acmhainní dílse nua a bhunú lena laghdófaí tionchar na loighce '*juste retour*' ar leithdháiltí an bheartais chomhtháthaithe chun tairbhe na gcritéar is fearr a léiríonn na riachtanais chríochacha iarbhír.

27. Aithníonn CnaR na tairbhí a bhaineann le struchtúr an chéad CAI eile a chuíchóiriú, lena n-áirítear faoin réimse a bhaineann le bainistíocht chomhpháirteach. Mar sin féin, cuireann sé i dtreis gur cheart raon feidhme sonrach agus cuspóir sonrach na gcistí struchtúracha éagsúla a leagtar amach sna Conarthaí a chur san áireamh ar bhealach dáiríre in aon rogha den sórt sin, go háirithe an ghné chríochach agus an ghné áitbhunaithe a bhaineann leo. Ba cheart comhchuibhiú rialacha ar fud na gcistí faoi chreat aonair a bheith mar phríomhthosaíocht, gan beann ar líon na gcistí, ar choinníoll nach ndéanfadh comhchuibhiú den sórt sin dochar do rialachas il-leibhéil an bheartais chomhtháthaithe a bheidh ann amach anseo.

28. Athdhearbhaíonn CnaR an togra uaidh creat straitéiseach aonair a bhunú lena saineofaí an raon feidhme agus na príomhspriocanna don tréimhse tar éis 2027. Leis an gcomhshocrú comhpháirtíochta Eorpach sin, ba cheart cur le tionscnaimh a rinneadh roimhe seo, cuir i gcás, an Comhchreat Straitéiseach, agus ba cheart comhleanúnachas agus treoíocht a áirithiú i gcur chun feidhme an bheartais freisin. I gcomhthéacs Comhchreat Straitéiseach, meabhraíonn CnaR gur gá clársceidealú agus cur chun feidhme an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) a dhéanamh ar an leibhéal réigiúnach céanna agus a dhéantar i gcás na gCistí Struchtúracha, sin lena áirithiú go mbeidh comhleanúnachas sa struchtúr cistiúcháin agus go mbainfear úsáid chomhtháite as na beartais ar mhaithe leis na ceantair thuaithe.

29. Cuireann CnaR i bhfáth, áfach, maidir leis an ilroinnt a bhaineann leis na hionstraimí cistiúcháin faoi láthair, tá sé fós ina bac ar chaiteachas éifeachtach (ós rud é go méadaítear léi an chastacht riaracháin, cuirtear bac léi ar an gcomhordú, laghdaítear léi an comhleanúnachas straitéiseach agus cruthaítear léi neamhéifeachtúlachtaí freisin). Tá CnaR den bharúil, mar shampla, gurbh fhearr a d'fhónfadh an Ciste um Aistriú Cóir dá raon feidhme mar bhreisiú ar CFRE agus ar CSE d'fhonn dúbláil agus forluí ina chur chun feidhme a sheachaint. Aithníonn sé, áfach, go bhfuil sé ríthábhachtach an bhéim shonrach chéanna agus atá ag CUAC a choinneáil chomh maith leis an leithdháileadh airgeadais céanna (nó níos mó) a choinneáil. Sa chás go dtabharfaí aghaidh ar an dúshlán sin, d'fhéadfaí tacaíocht chuimsitheach a chur ar fáil do réigiúin atá i mbun aistrithe suntasacha trí chur chuige breisiúcháin, rud a chuirfeadh lena n-athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta.

30. Tá CnaR i gcoinne cistí earnála AE nua a chruthú, ar cistí iad sin nach mbaineann aon bhreisíocht ná comhlántacht shoiléir leo a mhéid a bhaineann leis na hionstraimí atá ann cheana. Chuige sin, is oth le CnaR nach ndéantar aon tagairt don ról ná don ranníocaíocht a bhaineann leis an mbeartas comhtháthaithe i dtreoirlínte polaitiúla an Choimisiúin Eorpaigh ach go ndéantar Ciste Iomaíochais nua eile a fhógairt amháin iontu. Cé gur díol sásaimh dó na cúiseanna is siocair leis an gCiste Iomaíochais, tugann CnaR dá aire go bhféadfadh aon chistí nua den sórt sin maorlachas breise a thabhairt isteach agus d'fhéadfaidís bac a chur ar éifeachtaí an bheartais chomhtháthaithe mar gheall ar an gcineál a bhaineann leo agus é sin neodrach ó thaobh réigiún de. D'fhonn sláine agus tionchar an bheartais chomhtháthaithe a choinneáil, cuireann CnaR in iúl nach mór cothromaíocht mhaith a bhaint amach idir bearta a bhaineann le tionscnaimh nua a thabhairt isteach agus an gá atá le cuir chuige chomhtháthaithe, comhleanúnacha agus chuíchóirithe lena dtabharfar aghaidh éifeachtach ar na héagothromaíochtaí réigiúnacha agus lena gcuirfear forbairt chothrom ar fud an Aontais chun cinn.

31. Ba cheart buiséad an bheartais chomhtháthaithe a bheidh ann amach anseo a cheapadh ar bhealach nach gcruthófar aon suaitheadh airgeadais leis an méadú ionchasach chuig Ballstáit nua faoi dheireadh na tréimhse 2028-2034.

32. Iarrann CnaR go ndéanfaí prionsabal na breisíochta a threisiú arís sa rialachán chun srian a chur leis an úsáid mhéadaitheach a bhaintear as an mbeartas comhtháthaithe chun tearcmhaoiniú na mBallstát ar a gcríocha AE a chúiteamh.

**Sásra seachadta agus rialachas il-leibhéil**

33. Is féidir le CnaR a shamhlú go bhféadfaí an beartas comhtháthaithe a aistriú i dtreo samhail atá bunaithe níos mó ar fheidhmíocht in imthosca áirithe agus i réimsí beartais áirithe sa mhéid go bhféadfadh simpliú agus níos mó éifeachtúlachta a bheith mar thoradh air. Mar sin féin, tugann sé rabhadh nach réiteach gach faidhbe ná réiteach amháin a oireann do gach réimse beartais atá sa chur chuige sin, agus nach mór, mar chomhlánú air, bearta breise a dhéanamh chun maolú ar chastacht an bheartais comhtháthaithe.

34. Tá CnaR den bharúil nach mbeadh breisluach ag baint le samhail atá dírithe ar fheidhmíocht, ach amháin ar an gcoinníoll go mbeadh simpliú ann dá bharr agus go mbeadh leibhéal réasúnta neamhspleáchais ag údaráis bhainistíochta maidir lena cur i bhfeidhm, lena n-áirítear go mbeadh an fhéidearthacht fós acu samhlacha costasbhunaithe a roghnú, i gcás inarb iomchuí. Lena chois sin, ba cheart na spriocanna uile a shainítear trí shásraí feidhmíochtbhunaithe a bheith íogair ó thaobh áite de, más infheidhme.

35. Cuireann CnaR i bhfáth nach féidir a mheas gur réiteach a oireann do chách í an tsamhail fheidhmíochtbhunaithe ar na saincheisteanna uile a bhaineann le cur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe toisc go bhféadfaí leas éifeachtach a bhaint aisti le haghaidh cineálacha áirithe idirghabhálacha nó cuspóirí agus, ag an am céanna, gur ionstraim easnamhach í do chineálacha eile, lena dtreisítear tuilleadh an cás maidir le cur i bhfeidhm solúbtha sa tréimhse tar éis 2027.

36. Molann CnaR go láidir gurbh iad samhail na bainistíochta comhroinnte, an rialachas il-leibhéil agus prionsabal na comhpháirtíochta na treoirphrionsabail a bheadh leis an mbeartas comhtháthaithe i gcónaí, lena n-áirítear tar éis 2027. Déantar tagairt don mhéid seo sa tuairim *Páirt éifeachtach a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha in ullmhú na gComhaontuithe Comhpháirtíochta agus na gClár Oibríochtúil don tréimhse 2021-2027* (3) ó CnaR, ina luaitear go mbraitheann cur chun feidhme rathúil an bheartais comhtháthaithe go mór ar eolas agus ar rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach chun a áirithiú go mbeidh na tionscnaimh sin ábhartha, éifeachtach agus inbhuanaithe. Is mar gheall ar an eolas áitiúil atá acu, na naisc atá acu le páirtithe leasmhara agus a gcomhlíontacht le rialacháin an Aontais, a bhfuil na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ina gcomhpháirtithe luachmhara sa phróiseas forbartha.

37. Meabhraíonn CnaR go bhfuil prionsabal na coimhdeachta ar cheann de phríomhbhloic thógála thionscadal an Aontais Eorpaigh, agus gur cheart é a urramú mar is cuí agus cistí á gcur chun feidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann le hinniúlachtaí na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, i gcomhréir le hAirteagal 5 CAE. Tugann CnaR dá aire go n-áirithítear le cosaint na coimhdeachta sa bheartas comhtháthaithe go ndéanfar cinntí chomh gar do na saoránaigh agus is féidir, agus neamhspleáchas áitiúil á urramú, ábharthacht agus éifeachtacht beartais á bhfeabhsú, cuntasacht á feabhsú agus úsáid éifeachtúil acmhainní á cothú ag an am céanna.

38. Tá CnaR suite de gurb é an córas atá ann faoi láthair faoina gceadaítear cineálacha éagsúla clár (réigiúnach, idir-réigiúnach, náisiúnta, ilchiste, etc.) agus ról ina mbainistiú (údaráis bhainistíochta, comhlachtaí idirmheánacha, etc.) is fearr a d'oirfeadh do shuíomhanna institiúideacha éagsúla na mBallstát agus go mbainfeadh i bhfad níos lú éifeachtúla le réitigh a oireann do chách, amhail i gcás plean náisiúnta aonair.

(3) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Páirt éifeachtach a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha in ullmhú na gComhaontuithe Comhpháirtíochta agus na gClár Oibríochtúil don tréimhse 2021-2027 (IO C 61, 04/02/2022, lch. 15).

39. Dá bhrí sin, tá CnaR i gcoinne aon bheart díreach nó indíreach lena ndéanafaí lárú laistigh den bheartas comhtháthaithe agus tá sé réidh chun aon mhodh dlíthiúil a fhiosrú, go háirithe faoi Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm agus faoi Airteagal 263 CFAE, chun bac a chur ar aon iarracht a dhéanfaí sa treo sin. Molann CnaR go mbunófaí níos mó ráthaíochtaí dlíthiúla sa chreat tar éis 2027 chun dílárú níos fearr agus rannpháirtíocht chuimsitheach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach i bpróisis chinnteoireachta a áirithiú.

40. Athdhearbhaíonn CnaR gur príomh-chomhpháirtithe iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sa bheartas comhtháthaithe mar gheall ar an eolas áitiúil atá acu, chomh maith lena gcumais cur chun feidhme agus a gcumas chun rannpháirtíocht áitiúil a chothú agus iad ag feidhmiú i gcomhréir le prionsabail an rialachais il-leibhéil. Agus na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha rannpháirteach, d'áirithófaí go mbeadh an beartas comhtháthaithe éifeachtach, ábhartha agus freagrúil do riachtanais na réigiún éagsúil, rud a chuirfeadh le rath foriomlán na n-iarrachtaí forbartha réigiúna.

41. Iarrann CnaR ag iarraidh go gcruthófaí coinníoll cumasúcháin sonrach bunaithe ar phrionsabal na comhpháirtíochta. Is éard a bheadh i gceist leis an gcoinníoll sin go gceanglófaí ar na Ballstáit pleananna náisiúnta a ghlacadh ina mbeadh gealltanais shainráite go mbeadh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha rannpháirteach i gceapadh agus i gcur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe. Tathantaíonn CnaR ar an gCoimisiún Eorpach tuarascálacha bliantúla a chur ar fáil do Choiste na Réigiún (CnaR) maidir leis an dul chun cinn atá déanta chun an coinníoll sin a chomhlíonadh.

42. Meabhraíonn CnaR an tábhacht thar na bearta atá le cur chuige áitbhunaithe sa bheartas comhtháthaithe agus go bhfuil gá le hionstraimí comhtháite saincheaptha (e.g. comhar idir cathracha agus na ceantair máguaird, forbairt chomhtháite na gcathracha, forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail) chun cur leis an nglacadh atá leis an gcur chuige beartais sna réigiúin ar mhaithe leis an Eoraip a thabhairt níos gaire do na saoránaigh. I gcomhthéacs an chur chuige áitbhunaithe, meabhraíonn CnaR gurb iad riachtanais an leibhéil áitiúil agus réigiúnaigh an rud is túsphointe agus is bunús don chur chuige áitbhunaithe, agus molann sé go ndéanfaí scrúdú ar a oiriúnaí atá creataí dlíthiúla ar leith do na ceanglais shonracha sin.

**Rialachas eacnamaíoch na hEorpa agus athchóirithe**

43. Aithníonn CnaR an réasúnaíocht is bonn le comhtháthú breise an bheartais comhtháthaithe sa Seimeastar Eorpach agus creideann sé go bhféadfaí an pheirspictíocht sin a bhaint amach go páirteach trí fhócas na dtuarascálacha tíre atá ann cheana ar threochtaí críochacha a leathnú agus trí thionchar na n-athchóirithe ar chothromas críochach a bheith ina chritéar cothrománach sna moltaí tírshonracha.

44. Mar sin féin, cuireann CnaR i bhfáth, cé go bhfuil an beartas comhtháthaithe ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais réigiúnacha agus áitiúla, agus béim láidir á leagan ar idirghabhálacha a shaincheapadh do chomhthéacsanna áitiúla sonracha, go bhfeidhmíonn an Seimeastar Eorpach, ar an taobh eile, ar an leibhéal náisiúnta, ag díriú ar rialachas eacnamaíoch agus ar athchóirithe struchtúracha.

45. Tá CnaR den bharúil gur cheart cur chuige an-stuama a leanúint chun cistiú an bheartais chomhtháthaithe a nascadh le hathchóirithe struchtúracha, ós rud é, go minic, nach gcuirtear na hathchóirithe struchtúracha sin chun feidhme ar leibhéal na n-údarás a chuireann an beartas comhtháthaithe chun feidhme. Is díol sásaimh dó an moladh a rinneadh sa 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú ionstraim na gcoinníollacha cumasúcháin a úsáid chun na críche sin agus chun a fhiosrú conas a bhféadfadh an nasc idir infheistíochtaí agus athchóirithe a bheith níos éifeachtúla, ach cuireann sé i bhfáth nach bhfuil an rogha sin inmharthana ach amháin má tá ábharthacht dhíreach leis na hathchóirithe roghnaithe ar na dúshláin chríochacha agus mura ndéanfaí prionsabal na comhpháirtíochta a urramú go hiomlán san idirbheartaíocht a dhéanfaí ina leith.

46. Athdhearbhaíonn CnaR nár cheart idir mhealladh agus bagairt a úsáid chun an beartas comhtháthaithe a nascadh le rialachas eacnamaíoch na hEorpa, lena mbaineann, ar a laghad, deireadh a chur le coinníollacht mhaicreacnamaíoch.

47. Cuireann CnaR i bhfáth nár cheart don Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis srian a chur, i gcás ar bith, leis an rochtain ar chistí an bheartais chomhtháthaithe agus, dá bhrí sin, cuireann sé in iúl gur geal leis nach bhfuil cómhaoiniú cláir AE san áireamh sa sainmhíniú ar ghlanchaiteachas sa chreat rialachais eacnamaíoch athbhreithnithe, ar gníomh é sin lena dtreisítear comhleanúnachas bheartais AE agus cur chun feidhme chistí AE á éascú ag an am céanna, go háirithe na cistí sin faoin mbeartas comhtháthaithe.

**Clársceidealú agus peirspictíocht chríochach**

48. Tugann CnaR dá aire gur minic a bhíonn moilleanna cur chun feidhme mar thoradh ar chaibidlíocht fhada bhuiséadach, reachtach agus chlársceidealaithe chomh maith le castacht rialála. Mar sin, iarrann sé ar an gCoimisiún plean inmharthana a leagan amach le Comhairle an Aontais Eorpaigh agus le Parlaimint na hEorpa chun an riosca sin a sheachaint sa tréimhse roimh an tréimhse i ndiaidh 2027. D'fhéadfaí féachaint ar roghanna amhail gnéithe buiséadacha an rialacháin a dhíchúpláil nó tar-rolladh páirteach na gclár atá ann cheana sa tréimhse nua a cheadú, agus ar an gcaoi sin intuarthacht a chur ar fáil d'údaráis bhainistíochta.

49. Aithníonn CnaR go bhfuil sé cruthaithe ag réigiúin roimhe seo, a bhuí le struchtúir agus nósanna imeachta maithe seanbhunaithe, go bhfreagraíonn siad freisin do ghéarchéimeanna socheacnamaíocha ar bhealach saincheaptha solúbtha agus, ar an gcaoi sin, go bhfuil siad in ann borradh a chur faoi athléimneacht an Aontais. Cuireann CnaR i bhfáth nach ionstraim maolaithe géarchéime é an beartas comhtháthaithe agus, chun nach dtiocfaidh sé faoi bhrú é sin a dhéanamh, á iarraidh go mbunófaí sásra tiomnaithe leormhaith laistigh de CAI chun aghaidh a thabhairt ar shuaití.

50. Tugann CnaR chun suntais go bhféadfaí simpliú breise a dhéanamh ar chlársceidealú agus ar chur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe, lena ndíreofaí ar thairbhithe, ar údaráis bhainistíochta agus iniúchóireachta, mar a cuireadh i bhfios go láidir freisin sna tuairimí ón Ardán 'Réidh don Todhchaí' *Feidhmíocht, faireachán agus meastóireacht ar Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ar an gCiste Comhtháthaithe agus ar an gCiste um Aistriú Cóir* agus *Meastóireacht ar Chiste Sóisialta na hEorpa+* a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2024 ([4]), mar shampla 'conarthaí muiníne' a fhorbairt le cláir atá ag feidhmiú go maith cheana féin chun leibhéal na n-iniúchtaí agus na rialuithe agus na ceanglais a ghabhann le tuairisciú, maoiniú, faireachán agus iniúchadh a laghdú. Thairis sin, creideann CnaR go bhfuil sé ríthábhachtach bearta follasacha simplithe a thabhairt isteach chun leas na dtairbhithe, daoine a ndearnadh faillí orthu go dtí seo.

51. Meabhraíonn CnaR gur iarr sé cheana féin cur le raon feidhme an Chiste um Aistriú Cóir 2021-2027 chun earnálacha eile atá i mbun an aistrithe a chur san áireamh ann. Meabhraíonn sé freisin nár tugadh aistriú réigiúin reatha an Chiste um Aistriú Cóir chun críche agus go mbeidh gá ag na réigiúin sin le tacaíocht a bheidh éagsúil ó réigiún go réigiún sna blianta amach romhainn freisin. Dá bhrí sin, tá sé ag iarraidh go mbeadh an t-aistriú cóir ina chuid thábhachtach de bheartas comhtháthaithe athchóirithe a bheadh dírithe ar na hathruithe a thuar, ar mhaithe leis na réigiúin sin a mbeidh orthu tabhairt faoi aistriú na dtionscal is straitéisí agus is déine ar fhuinneamh, a astaíonn a lán gás ceaptha teasa agus a mbíonn méid mór daonchumhachta uathu, lena n-áirítear an tionscal gluaisteán agus soláthar comhpháirteanna an tionscail sin.

52. Tá CnaR suite de i gcónaí gurb é an Comhar Críochach Eorpach (CCE) croílár an bhreisluacha Eorpaigh agus gur cheart é a neartú sa todhchaí. Is é CCE an phríomhuirlis le haghaidh lánpháirtiú agus dlúthpháirtíocht na hEorpa. Cothaítear le CCE aontacht san Eoraip tríd an gcomhar a chur chun cinn i measc réigiún ó Bhallstáit éagsúla an Aontais, rud a threisíonn coincheap an spáis chomhroinnte Eorpaigh. Rannchuidíonn sé freisin le saoránacht Eorpach trasteorann a fhorbairt, faoina n-oibríonn daoine ó réigiúin éagsúla le chéile agus ina dtógann siad caidrimh lasmuigh de theorainneacha náisiúnta. Chuige sin, ba cheart an buiséad a bheidh aige sa todhchaí a mhéadú chun go mbeidh sé comhionann le 8 % ar a laghad de mhéid iomlán bhuiséad an bheartais chomhtháthaithe sa chéad chlárthréimhse eile. Ar an ábhar sin, meabhraíonn CnaR a thábhachtaí atá an comhar trasteorann agus gur cheart an buiséad a leithdháiltear dó a mhéadú faoi dhó ar a laghad sa chéad chlárthréimhse eile agus díriú téamach níos solúbtha leis freisin, ós rud é gur réigiúin teorann iad 40 % de chríoch an Aontais agus go bhfuil 30 % de dhaonra na hEorpa ina gcónaí iontu.

53. Cuireann CnaR i dtábhacht go bhfuil straitéisí um speisialtóireacht chliste ina gcreat beartais ceannasach ar an leibhéal réigiúnach anois agus go bhféadfadh ról ní ba mhó fós a bheith acu sa todhchaí sa chás go n-úsáidfí iad mar shásraí seachadta críochacha le haghaidh cuspóirí aistrithe thionsclaíoch na hEorpa. Anuas ar an mbuiséad riachtanach atá leithdháilte ar an Ionstraim um Infheistíochtaí Nuálaíochta Idir-réigiúnacha, tá sé beartaithe go bhféadfaí céatadán de na hacmhainní ó chláir réigiúnacha CFRE a úsáid chun straitéisí um speisialtóireacht chliste a chur chun feidhme faoi chuimsiú tionscadal infheistíochta idir-réigiúnach chun slabhraí luacha tionsclaíocha a neartú, chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na réigiún atá sáinnithe i ngaistí forbartha agus chun tionscadail agus comhpháirtíochtaí idir-réigiúnacha a chur chun feidhme.

54. Tá CnaR á thabhairt dá aire gurb iad na réigiúin is forimeallaí teorainneacha seachtracha an Aontais. Tá sé á chur i bhfáth a thábhachtaí atá ról chláir Interreg D agus an comhar eatarthu agus tríú tíortha comharsanachta chun comhtháthú réigiúnach agus láithreacht agus gníomhaíocht sheachtrach an Aontais a neartú sna limistéir gheografacha ina bhfuil na réigiúin is forimeallaí. Tá sé á chur i bhfáth freisin nach mór dul chun cinn a dhéanamh i dtreo straitéisí forbartha sonracha a cheapadh do na réigiúin is forimeallaí agus do thríú tíortha comharsanachta.

([4]) https://commission.europa.eu/law/law-making-process/evaluating-and-improving-existing-laws/refit-making-eu-law-simpler-less-costly-and-future-proof/fit-future-platform-f4f/adopted-opinions_ga.

55. Léiríonn CnaR a thábhachtaí atá an ról atá ag an mbeartas comhtháthaithe maidir le tacaíocht a thabhairt do chríocha atá thíos le míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha, amhail limistéir thuaithe, limistéir a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag dul dóibh, na réigiúin is forimeallaí, limistéir thuaisceartacha inar tearc an daonra, oileáin, réigiúin trasteorann agus réigiúin shléibhteacha. Trí chúnamh airgeadais spriocdhírithe a chur ar fáil, trí thacú le héagsúlú eacnamaíoch, trí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sóisialta agus déimeagrafacha agus trí fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, cuidíonn an beartas comhtháthaithe leis na réigiúin sin míbhuntáistí a shárú agus fás níos cothroime agus níos cuimsithí a bhaint amach.

56. Leagann CnaR béim ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le réigiúin láidre a bheith ar theorainneacha seachtracha an Aontais ó thaobh slándála agus athléimneachta de. I bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil atá ann faoi láthair agus an tionchair atá aige sin ar na réigiúin teorann seachtraí, iarrann CnaR go ndéanfaí an réaltacht sin a chur san áireamh sa bheartas comhtháthaithe freisin.

57. Ba cheart aird ar leith a thabhairt freisin ar na dúshláin shonracha a bhaineann leis na réigiúin is forimeallaí, de réir Airteagal 349 CFAE. I gcás na réigiún sin, tá na saincheisteanna maidir le hinrochtaineacht chríochach, iompar agus nascacht fite fuaite ina chéile agus ba cheart dul i ngleic leo i gcomhar le cuspóirí an bheartais comhtháthaithe.

An Bhruiséil, 21 Samhain 2024.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*
Vasco ALVES CORDEIRO